

## Lá Fhéile Pádraig

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi pharáid na Féile Pádraig ar an gCeathrú Rua. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. na sluaite	a. <i>for our national saint's big parade</i>
2. do pharáid mhór ár naoimh náisiúnta	b. <i>poisonous snake</i>
3. éagsúlacht mhór	c. <i>creativity</i>
4. cruthaíocht	d. <i>pleasantness</i>
5. samhlaíocht	e. <i>impatient</i>
6. seanchara an cheantair	f. <i>The mummies were fast on their feet</i>
7. bhí lúth na gcos ag na mumaithe	g. <i>the crowds</i>
8. suáilceas	h. <i>imagination</i>
9. róthógtha	i. <i>too taken</i>
10. ar bís	j. <i>the area's old friend</i>
11. nathair nimhe	k. <i>great variety</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

### Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cad a bhí le rá sa tuairisc faoi Fharó na hÉigipte?
2. Cad iad na carachtair ó *Disney* a bhí i láthair?
3. Ar bhain na páistí ar fad sult as an bparáid, dar leat? Mínigh.
4. Cad a bhí ag cur imní ar Naomh Pádraig?

**Ceist 4** 'Bhí cruthaíocht agus samhlaíocht á léiriú ag pobal na Ceathrún Rua..'

1. An féidir leat an 'á' a mhíniú sa sampla thuas?
2. Féach ar na samplaí seo thíos anois agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar (idir lúbíní) sna spásanna:
  - Bhí an dinnéar á (ith) \_\_\_\_\_ ag an ngasúr nuair a buaileadh cnag ar an doras.
  - Tá na leabhair á (cuir) \_\_\_\_\_ ina mála aice anois.
  - Is mór an trua nach raibh an fhuinneog á (glan) \_\_\_\_\_ againn nuair a shiúil sí isteach.
  - Tá na páistí á (bailigh) \_\_\_\_\_ agam faoi láthair.
  - Bhí an tuairisc á (pléigh) \_\_\_\_\_ ag an rialtas ar feadh míosa.
  - An bhfuil an tionscadal déanta agat go fóill? Tá mé á (déan) \_\_\_\_\_ anois.

**Ceist 5** Cuir na nathanna úsáideacha seo a bhí sa mhír in abairtí lena mbrí a léiriú.

róthógtha  
gan trácht ar  
thar cionn  
buíoch de  
ar bís

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoi Lá Fhéile Pádraig go ginearálta?
2. An bhfuil dea-chlú ar mhuintir na hÉireann thar lear, dar leat?
3. Cén fáth a mbíonn daoine ar fud an domhain ag ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	a	k	c	h	j	f	d	i	e	b

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

Féach an script

### Ceist 4

1. Tá dhá chiall ag baint le 'á + ainm briathartha':
  - a. Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm bhriathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir 'ag déanamh + é' a rá sa Ghaeilge, mar sin is é 'á dhéanamh' an Ghaeilge atá ar '*doing it*'.
  - b. Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, 'Tá sé á dhéanamh (aige)' = *It is being done (by him)*.
2. Tá na rialacha a bhaineann le 'á' cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla: *caca (firinsneach, uimhir uatha) á dhéanamh, obair (baininsneach, uimhir uatha) á déanamh, scrúduithe (uimhir iolra) á ndéanamh*.

\*Baineann an sampla sa mhír ('á léiriú') le **b** thuas (an fhaí chéasta).

- Bhí an dinnéar á **ithe** ag an ngasúr nuair a buaileadh cnag ar an doras.
- Tá na leabhair á **gcur** ina mála aice anois.
- Is mór an trua nach raibh an fhuinneog á **glanadh** againn nuair a shiúil sí isteach.
- Tá na páistí á **mbailiú** agam faoi láthair.
- Bhí an tuairisc á **plé** ag an rialtas ar feadh míosa.
- An bhfuil an tionscadal déanta agat go fóill? Tá mé á **dhéanamh** anois.

### Ceist 5

Pléigh na habairtí a chum na foghlaimeoirí leis an rang ar fad.

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

Baile Gaeltachta eile ar bhailigh na sluaite inniu ann do pharáid mhór ár naoimh náisiúnta ba ea an Cheathrú Rua i gContae na Gaillimhe. Bhí éagsúlacht mhór téamaí sna flótannaí<sup>1</sup> i mbliana.

Bhí cruthaíocht agus samhlaíocht á léiriú ag pobal na Ceathrún Rua ina gcuid téamaí inniu. Idir Faró na hÉigipte agus seanchara an cheantair, Walt Disney.

“Bhí Faró agus bhí sé cailte ó bhí na mílte bliain ann so tá sé teacht ar an saol inniu. Beidh sé sin thuas ar an *float*<sup>2</sup> agus seo iad na hÉigiptigh bheaga<sup>3</sup> ar fad atá ag teacht i mo dhiaidh, na mumaithe<sup>4</sup> agus na hÉigiptigh bheaga.”

“Tá an chlann uilig ... is breá leo ... na gasúir, is breá leo Disney. Agus tá *Elsa* agus *Frozen* go mór i mbliana agus tá *float* maith againn.”

Agus bhí lúth na gcós ag na mumaithe freisin. Agus bhí an suáilceas níos giorra den bhaile le brath freisin, cé nach dócha go mbeadh Pádraig féin róthógtha le cuid díobh, gan trácht ar údarais an lae inniu, ar ndóigh. Ba léir an slua a bheith sásta.

‘Féach tá rudaí mar sin ann agus tá *Minnie Mouse* agus *Micky Mouse* ann.”

“Bhí sé thar cionn agus tá muid buíoch den dream a d’eagraigh é, tá sé go hálainn ag na gasúir. “

Ach, bhí Pádraig féin ar bís ar thóir nathair<sup>5</sup> nimhe a d’éalaigh air.

“Tá ceann amháin thiar ansin agus caithfidh mé fáil réidh léi ar ball, ach dúradh liom éisteacht léi<sup>6</sup> go mbeadh an pharáid thart.”

Lá mór eile a mbeidh cuimhne ag pobal Gaeltachta air.

---

<sup>1</sup> *flótaí* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>2</sup> *flóta* atá sa Chaighdeán Oifigiúil

<sup>3</sup> *beaga* a deirtear

<sup>4</sup> *mummies* a deirtear

<sup>5</sup> *nathrach* a deirtear

<sup>6</sup> *éisteacht léi* = gan cur isteach uirthi